Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7075/25**

**SOC 131**
**EMPL 90**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú<br>Ceapachán Maartin HERMANS, comhalta thar ceann na Beilge, in ionad Stijn GRYP, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Stijn GRYP éirithe as mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe eagraíochtaí na bhfostóirí (thar ceann na Beilge).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Maartin HERMANS ainmnithe ag an eagraíocht fostaithe CEC don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle, lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú, mar a leagtar amach in 7073/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.